Aisíocaíochtaí den Ranníocaíocht Sláinte – Leideanna Cabhracha

Is iomaí duine atá ag iarraidh ar an Roinn Coimirce Sóisialtaí i láthair na huaire cibé an bhfuil siad i dteideal aisíocaíocht den Ranníocaíocht Sláinte. Mar sin ba mhaith leis an Roinn an cás a shoiléiriú agus d'fhéadfá freagra do cheiste féin a fháil sna ceisteanna agus sna freagraí thíos.

1. **An bhfuil aisíocaíocht den Ranníocaíocht Sláinte ag dul dom?**

Má thuill tú **breis is €26,000** sna blianta 2008, 2009 agus 2010 bhí ort an Ranníocaíocht Sláinte a íoc agus **níl aon aisíocaíocht ag dul duit**.

Má thuill tú **faoi bhun €26,000 agus más amhlaidh nár thuill tú os cionn €500 in aon seachtain amháin riamh** ní bheadh Ranníocaíocht Sláinte íoctha agat agus **ní bheidh aisíocaíocht ag dul duit**.

D'fhéadfadh aisíocaíocht a bheith ag dul duit má thuill tú **faoi bhun €26,000** in aon cheann de na blianta 2008, 2009 nó 2010

agus más amhlaidh gur thuill tú os cionn €500 in aon seachtain amháin in aon cheann de na blianta sin.

Gheobhaidh tú sonraí do thuillimh ar an **bhFoirm P60** a bhaineann leat féin.

2. **Conas a chuirim isteach ar an aisíocaíocht?**

Má shásaíonn tú na coinníollacha tuillimh thíos ba cheart duit scríobh chuig an seoladh seo a leanas agus d'ainm, do sheoladh, d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí agus do dháta breithe a thabhairt.

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Aisíocaíochtaí ÁSPC,
Teach Oisín,
Sráid an Phiarsaigh,
Baile Átha Cliath 2.

Teileafón: **Fón (01) 673 2586**

3. **An bhfuil dáta deireanach i bhfeidhm don aisíocaíocht?**

Ní mór duit an aisíocaíocht a lorg laistigh de cheithre bliana den 31 Nollaig den bhliain inar íoc tú an ranníocaíocht. Mar shampla, ní mór duit cur isteach ar aisíocaíocht ar Ranníocaíocht Sláinte a d'íoc tú sa bhliain 2008 faoin 31^{ú} Eanáir 2012 agus mar sin de. Bheadh aon íocaíocht a rinneadh roimh an 1 Eanáir 2008 lasmuigh den tréimhse éilimh.

4. **Cé chomh fada a thógfaidh sé an t-iarratas a phróiseáil?**

Iarraimid ort a bheith foighneach linn - tá an oiread sin iarratas á bhfáil againn go bhfuil sé ag cur moill ar an bpróiseáil. Próiseálfar é a luaithe is féidir.

5. **An mó a bheidh ag dul dom?**

Braithfidh an méid a bheidh ag dul duit ar an méid Ranníocaíochta Sláinte a d'íoc tú. Mar shampla más amhlaidh nár íoc tú Ranníocaíocht Sláinte ach in aon seachtain amháin, d'fhéadfá a bheith i dteideal €10.

6. **An mbeidh aisíocaíocht ag dul dom i mblianta amach anseo?**

Cuireadh an Ranníocaíocht Sláinte ar áireamh sa Mhuirear Sóisialta Uilíoch (MSU) le héifeacht ón 1 Eanáir 2011 agus mar sin ní bheidh aon aisíocaíocht uirthi i gceist tar éis an dáta sin.

7. **Conas a tharla sé seo?**

Asbhaineadh an t-airgead i gceart ar an gcéad dul síos. Bhí ort an Ranníocaíocht Sláinte a íoc má thuill tú os cionn €500 i seachtain ar bith. Ach más amhlaidh gur thuill tú faoi bhun €26,000 sa bhliain iomlán (tuilleamh comhlán) bhí cead agat aon Ranníocaíocht Sláinte a bhí íoctha agat an bhliain sin a fháil ar ais.

8. **An mó duine a bheith ag fáil airgead ar ais?**

Is deacair a bheith cruinn toisc nach mbaineann sé seo ach leo siúd a thuill **faoi bhun €26,000** san iomlán sa bhliain ach a thuill **os cionn** €500 in aon seachtain amháin.

Bhí thart ar €10 milliún aisíoctha ag an Roinn le thart ar 26,000 iarratasóir suas go deireadh na bliana 2011. D'fhéadfadh aisíocaíochtaí maidir le blianta níos sia siar ná 2010 a bheith i gceist san fhigiúr sin.

Nóta: bhí an t-eolas seo ar fad, nach mór, ar fáil ar 'www.welfare.ie' ó Shamhain 2011.

ENDS

An Roinn Coimirce Sóisialaí
1ú Feabhra 2012